PARLAIMINT NA HEORPA: EAGAR AGUS OIBRÍOCHT

Tá eagar agus oibríocht Pharlaimint na hEorpa á rialú ag a Rialacha Nós Imeachta. Is iad na comhlachtaí polaitiúla, coistí, toscaireachtaí agus grúpaí polaitiúla a threoraíonn gníomhaíochtaí na Parlaiminte.

BUNÚS DLÍ

— Airteagal 14 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus Airteagail 223, 224, 226, 229, 231 agus 232 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);

— Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa.

COMHALTAS AGUS COMHDHÉANAMH

Leagtar síos sna rialacha ginearálta maidir le comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa in Airteagal 14(2) CAE, ina sonraítear go nglacfaidh an Chomhairle Eorpach d'aon toil, ar thionscnamh na Parlaiminte agus lena toiliú, cinneadh maidir le comhdhéanamh a shocrú Deirtear ann freisingo bhfuil ar an bParlaimint comhdhéanamh nach mó ná 751 ionadaithe Shaoránaigh an Aontais a bheith aici (750 Feisire móide an tUachtarán). Ina theannta sin, tá ionadaíocht na Saoránach "comhréireach go céimlaghdaitheach", agus tá íosmhéid seisear comhaltaí ann do gach Ballstát. Ní féidir le níos mó ná 96 shuíochán a bheith ag aon Bhallstát amháin.

Ciallaíonn coincheap na comhréireachta céimlaghdaithí go n-aontaíonn na Ballstáit ina bhfuil níos mó daoine a bheith faoi ghannionadaíocht ar mhaithe le hionadaíocht mhéadaithe na mBallstát ina bhfuil níos lú daoine in ainneoin líon iomlán na suíochán a bheith leithdháilte de réir mhéid an daonra i ngach Ballstát : dá mhéad an tír, is amhlaidh is lú an líon suíochán atá aige i gcoibhneas lena dhaonra. Tugadh sainmhíniú breise ar an gcoincheap sin sna Cinntí i ndiaidh a chéile ón gComhairle Eorpach a glacadh faoi Airteagal 14(2) CAE ó theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin.

Mar gheall ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as AE, bhí gá le hathsmaoineamh a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart a 73 shuíochán a athdháileadh. Tar éis an togra ón bParlaimint[1], an 28 Meitheamh 2018, ghlac an Chomhairle Eorpach cinneadh maidir le comhdhéanamh na Parlaiminte tar éis na dtoghchán in 2019[2]. Rinneadh laghdú ar líon iomlán na suíochán ó 751 shuíochán go 705 shuíochán, agus tá ardú beag déanta ar líon na suíochán atá ag roinnt Ballstát. Comhaontaíodh mar a leanas líon na bhFeisirí

[1]Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meitheamh 2018 maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle Eorpach lena socraítear comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa (IOC 28, 27.1.2020, lch. 154).
[2]Cinneadh (AE) 2018/937 ón gComhairle Eorpach an 28 Meitheamh 2018 lena socraítear comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa (IO L 165 I, 2.7.2018, lch. 1).

atá le toghadh i ngach Ballstát: an Ghearmáin 96; an Fhrainc 79; an Iodáil 76; an Spáinn 59; an Pholainn 52; an Rómáin 33; an Ísiltír 29; an Bheilg, an Ghréig, an Ungáir, an Phortaingéil, an tSualainn agus Poblacht na Seice 21; an Ostair 19; an Bhulgáir 17; an Fhionlainn, an Danmhairg agus an tSlóvaic 14; Éire 13; an Chróit 12; an Liotuáin 11; an Laitvia agus an tSlóivéin 8; an Eastóin 7; an Chipir, Lucsamburg agus Málta 6. I gcás ina mbeadh an Ríocht Aontaithe fós ina Ballstát AE ag tús théarma parlaiminteach 2019-2024 (i.e. i mí an Mheithimh 2019) foráladh freisin, áfach, le hAirteagal 3(2) den chinneadh sin go bhfanfadh líon na bhfeisirí in aghaidh an Bhallstáit mar a bhí sa téarma roimhe[3] , go dtí go mbeadh éifeacht dhlíthiúil ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe. Tháinig an comhaontú um tharraingt siar i bhfeidhm an 31 Eanáir 2020.

Tar éis gach toghcháin, tiocfaidh an Pharlaimint le chéile, gan aon ghá lena comóradh, an chéad Mháirt tar éis tréimhse míosa a bheith caite (Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976[4]). I gcomhréir le hAirteagal 229(1) CFAE, ní mór don Pharlaimint teacht le chéile, gan aon ghá lena comóradh, an dara Máirt de mhí an Mhárta gach bliain chomh maith.

EAGAR

A. An tUachtarán

De réir na Rialacha Nós Imeachta, toghtar Uachtarán na Parlaiminte as measc a Fheisirí ar feadh téarma inathnuaite dhá bhliain go leith (Riail 19). Seasann an tUachtarán do Pharlaimint na hEorpa vis-à-vis an saol lasmuigh agus i gcaidreamh na Parlaiminte le hinstitiúidí eile an Aontais. Déanann an tUachtarán maoirseacht ar na díospóireachtaí i seisiúin iomlánacha agus áirithíonn sé nó sí go n-urramaítear Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte. Ag tús gach cruinnithe de chuid na Comhairle Eorpaí, leagann Uachtarán Pharlaimint na hEorpa amach dearcadh agus ábhair bhuartha na Parlaiminte maidir leis na nithe ar an gclár oibre agus ábhair eile. Tar éis don Pharlaimint buiséad an Aontais Eorpaigh a ghlacadh, síníonn an tUachtarán é, á dhéanamh oibríochtúil. Síníonn Uachtarán na Parlaiminte agus Uachtarán na Comhairle araon na hionstraimí reachtacha uile arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach. Is féidir le duine de na 14 Leas-Uachtarán teacht in ionad an Uachtaráin (Riail 23).

B. An seisiún iomlánach

Ciallaíonn an seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa sensu stricto agus déanann an tUachtarán cathaoirleacht ar na suíonna. Tagann an Pharlaimint le chéile do sheisiún iomlánach in Strasbourg gach mí (seachas i mí Lúnasa), le haghaidh ‘páirtseisiúin’ a mhaireann ceithre lá ó Luan go Déardaoin. Tionóltar páirtseisiúin bhreise sa Bhruiséil. Roinntear an páirtseisiún i suíonna laethúla (Riail 153). Cinntear na háiteanna a shanntar d’Fheisirí sa Seomra Tionóil trí chleamhnacht pholaitiúil, ó chlé go deas, trí chomhaontú le cathaoirligh na ngrúpaí. Cuireann an tUachtarán tús leis an suí, uaireanta le haitheasc ómóis nó le hóráid ar thopaic reatha. Faigheann an tUachtarán cúnamh ó na 14 Leas-Uachtarán a fhéadfadh an chathaoirleacht a ghlacadh orthu féin.

---

[3]Féach Airteagal 3 de Chinneadh ón gComhairle Eorpach an 28 Meitheamh 2013 lena socraítear comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa (IO L 181, 29.6.2013, lch. 57)..

[4]Ionstraim maidir le toghadh ionadaithe an Tionóil trí vótáil chomhchoiteann dhíreach an 20 Meán Fómhair 1976 (IO L 278, 8.10.1976).

Glacann an Coimisiún Eorpach agus Comhairle an Aontais Eorpaigh páirt sna suíonna chun comhar idir na hinstitiúidí a éascú sa phróiseas cinnteoireachta. Má iarrann an Pharlaimint amhlaidh, féadfar a iarraidh ar ionadaithe ón dá institiúid dearbhuithe a dhéanamh nó cuntas ar a ngníomhaíochtaí a thabhairt.

C. Comhlachtaí polaitiúla

Cuimsíonn comhlachtaí polaitiúla na Parlaiminte an Biúró (Riail 24 — an tUachtarán agus na 14 Leas-Uachtarán); Comhdháil na nUachtarán (Riail 26 — an tUachtarán agus cathaoirligh na ngrúpaí polaitiúla); an cúigear Caestóirí (Riail 28 — freagrach as gnó riaracháin agus airgeadais na bhFeisirí); Comhdháil Chathaoirligh na gCoistí (Riail 29) agus Comhdháil Chathaoirligh na dToscaireachtaí (Riail 30). Dhá bhliain go leith atá i dtéarma oifige an Uachtaráin, na Leas--Uachtarán agus na gCaestóirí, mar aon le cathaoirligh na gcoistí agus cathaoirligh na dtoscaireachtaí (Riail 19).

D. Coistí agus toscaireachtaí

Bíonn Feisirí páirteach i 20 coiste, dhá fhochoiste agus 39 dtoscaireacht (toscaireachtaí idirpharlaiminteacha agus toscaireachtaí chuig comhchoistí parlaiminteacha, coistí um chomhar parlaiminteach, agus tionóil pharlaiminteacha iltaobhacha)[5]. Déanann an Pharlaimint freisin toscaireacht a sheoladh chuig an gComhthionól a cuireadh ar bun faoin gcomhaontú idir na stáit san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) agus AE[6]. Féadfaidh an Pharlaimint freisin coistí speisialta a bhunú (Riail 207) nó coistí fiosrúcháin a bhunú (Airteagal 226 CFAE agus Riail 208).

Ar bhonn Riail 213, toghfaidh gach coiste nó toscaireacht a mbiúró féin, a bheidh comhdhéanta de Chathaoirleach agus de suas le ceathrar leas-chathaoirleach.

E. Grúpaí polaitiúla

Ní eagraítear Feisirí de réir toscaireachtaí náisiúnta, ach de réir a gcleamhnachtaí polaitiúla i ngrúpaí trasnáisiúnta. Faoi na Rialacha Nós Imeachta, caithfidh grúpa polaitiúil a bheith comhdhéanta d'Fheisirí arna dtoghadh sa cheathrú cuid ar a laghad de na Ballstáit agus is é 25 líon íosta na bhFeisirí is gá chun grúpa polaitiúil a bhunú (Riail 33). Bíonn cruinnithe rialta á dtionól ag na grúpaí polaitiúla le linn na seachtaine roimh an bpáirtseisiún agus le linn sheachtainí na bpáirtseisiún, chomh maith le seimineáir chun príomhphrionsabail a ngníomhaíochta a chinneadh. Tagann grúpaí polaitiúla áirithe le páirtithe polaitiúla fornáisiúnta a oibríonn ar leibhéal an Aontais.

F. Páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha

Molann Parlaimint na hEorpa go gcruthófar timpeallacht atá fabhrach d'fhorbairt leanúnach páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, lena n-áirítear creat reachtaíochta a ghlacadh. Tugann Airteagal 224 CFAE an bunús dlí chun go nglacfaí, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, reacht le haghaidh páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach agus rialacha maidir lena gcistiú. In 2003, bunaíodh córas chun páirtithe polaitiúla Eorpacha a mhaoiniú, ar córas é lenar ceadaíodh fondúireachtaí

[5]Tá líon na gcomhaltaí ar gach coiste leagtha síos i mír 1 de Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Iúil 2014 maidir le líon comhaltaí na gcoistí (IO C 224, 21.6.2016, lch. 34).
[6]Féach Comhaontú Cotonou mar a athbhreithníodh in Ouagadougou an 22 Meitheamh 2010 é, Airteagal 17.

polaitiúla a chur ar bun ar leibhéal an Aontais[7]. Mar fhreagairt ar chleachtais éagóracha áirithe, leasaíodh na rialacha sin le déanaí le Rialachán (AE, Euratom) 2018/673 an 3 Bealtaine 2018[8], d'fhonn gné Eorpach na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha a neartú, lena n-áirithítear dáileadh cistí níos cothroime agus lena gcuirtear feabhas ar an bhforfheidhmiú.

Is iad seo na páirtithe Eorpacha atá ann faoi láthair: Páirtí an Phobail Eorpaigh (na Daonlathaithe Críostaí) (PPE), Páirtí na Sóisialaithe Eorpacha (PSE), Comhghuaillíocht na nDaonlathaithe agus na Liobrálaithe don Eoraip (ALDE), na Glasaigh, Comhghuaillíocht Choimeádaithe agus Leasaitheoirí na hEorpa (CCLE), Páirtí na hEite Clé Eorpaí (ECE), Gluaiseacht d'Eoraip na Saoirsí agus an Daonlathais MELD, an Páirtí Daonlathach Eorpach (PDE), an tSaor-Chomhghuaillíocht Eorpach (SGE), Comhghuaillíocht na hEorpa um Shaoirse (CES), Comhghuaillíocht Ghluaiseachtaí Náisiúnta na hEorpa (CGNE), Gluaiseacht Pholaitiúil Chríostaí na hEorpa (ECPM) agus Daonlathaithe AE (EUD. Oibríonn páirtithe fornáisiúnta i ndlúthchomhar leis na grúpaí polaitiúla a chomhfhreagraíonn dóibh i bParlaimint na hEorpa.

Ar na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha is tábhachtaí, tá: Ionad Léinn Eorpaigh Wilfried Martens, an Fhondúireacht um an Staidéar Forásach Eorpach, an Fóram Liobrálach Eorpach, an Fhondúireacht Ghlas Eorpach, Institiúid na nDaonlathaithe Eorpacha, Transform Europe agus New Direction — An Fhondúireacht um Athchóiriú na hEorpa.

An 22 Samhain 2012, ghlac Parlaimint na hEorpa rún[9] ina ndéantar tathant ar na páirtithe polaitiúla Eorpacha iarrthóirí a ainmniú don phost mar Uachtarán ar an gCoimisiún, ionas go ndéanfaí dlisteanacht pholaitiúil na Parlaiminte agus dlisteanacht pholaitiúil an Choimisiúin a atreisiú. Cuireadh na socruithe sin chun feidhme roimh thoghcháin 2014, nuair a bhí na príomhiarrthóirí ina n-iarrthóirí den chéad uair riamh. I ndiaidh na toghcháin sin, rinne Parlaimint na hEorpa duine de na príomhiarrthóirí, Jean-Claude Juncker, a thoghadh ina Uachtarán ar an gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2014. Ina chinneadh an 7 Feabhra 2018 maidir le hathbhreithniú ar an gCreat-Chomhaontú maidir leis an gcaidreamh idir an Pharlaimint agus an Coimisiún[10], chuir Parlaimint na hEorpa in iúl go bhfuil sí réidh diúltú d'aon iarrthóir le haghaidh oifig Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh nach bhfuil ainmnithe mar phríomhiarrthóir ('Spitzenkandidat') de pháirtí polaitiúil Eorpach roimh thoghcháin Eorpacha 2019. Cé gur caitheadh i dtraipisí ar deireadh é do thoghcháin 2019, measadh gur chruthaigh próiseas an phríomhiarrthóra ardán níos leithne le haghaidh díospóireacht i measc iarrthóirí, rud a chuir idir thrédhearcacht mhéadaithe agus dlisteanacht pholaitiúil le ról

[7]Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (IO L 317, 4.11.2014, lch. 1).
[8]Rialachán 2018/673 an 3 Bealtaine lena leasaítear Rialachán (AE Euratom,) Uimh. 1141/2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ((IO L 317, 4.11.2014, lch. 1).
[9]Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Samhain 2012 maidir leis na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa in 2014 (IO C 419, 16.12.2015, lch. 185.)
[10]Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Feabhra 2018 maidir le hathbhreithniú ar an gCreat-Chomhaontú maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach (IO C 463, 21.12.2018, lch. 89).

uachtarán an Choimisiúin agus a chuir le rannpháirtíocht agus feasacht shaoránaigh AE sa phróiseas.

Bhreithnigh an Coimisiún an smaoineamh go gcruthófaí liostaí trasnáisiúnta mar chéim iomchuí chun dlisteanacht institiúidí AE a fheabhsú i súile na saoránach: trí thoghlach ar fud na hEorpa a chruthú, d'fhéadfaí gné Eorpach na dtoghchán Eorpach a neartú, mar go dtabharfadh sé deis do shaoránaigh na hEorpa nascadh le hiarrthóirí ar fud na hEorpa[11]. An 7 Feabhra 2018, vótáil an Pharlaimint gan iarraidh go gcruthófaí toghlach trasnáisiúnta do thoghcháin Eorpacha 2019. D'fhág sí doras ar oscailt, áfach, le haghaidh díospóireacht a bheith ann amach anseo.

G. Ardrúnaíocht na Parlaiminte

Tá Ardrúnaíocht na Parlaiminte faoi cheannas an Ardrúnaí, arna cheapadh ag an mBiúró (Riail 234). Is é an Biúró freisin a chinneann comhdhéanamh agus eagar na hArdrúnaíochta: tá 12 Ard-Stiúrthóireacht agus an tSeirbhís Dlí ann faoi láthair. Is é an cúram atá uirthi obair reachtach a chomhordú agus na seisiúin agus cruinnithe iomlánacha a eagrú. Tugann sí freisin cúnamh teicniúil, dlíthiúil agus saineolach do chomhlachtaí parlaiminteacha agus d'Fheisirí chun tacaíocht a thabhairt dóibh i bhfeidhmiú a sainorduithe. Cuireann an Ardrúnaíocht ateangaireacht agus aistriúchán ar fáil i gcomhair na gcruinnithe agus na ndoiciméad foirmiúil uile.

OIBRÍOCHT

Faoi na Conarthaí, eagraíonn an Pharlaimint a cuid oibre go neamhspleách. Glacann sí a Rialacha Nós Imeachta, ag gníomhú di trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í (Airteagal 232 CFAE). Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sna Conarthaí, gníomhaíonn an Pharlaimint trí thromlach glan de na vótaí a caitheadh (Airteagal 231 CFAE). Cinneann sí an clár oibre dá páirtseisiúin, lena gcumhdaítear go príomha tuarascálacha a ullmhaíonn a coistí, ceisteanna chuig an gCoimisiún agus chuig an gComhairle, díospóireachtaí reatha nó práinneacha, agus ráitis ón Uachtaránacht. Tionóltar cruinnithe coistí agus seisiúin iomlánacha go poiblí agus déantar sruthú gréasáin orthu.

SUÍOMH AGUS ÁITEANNA OIBRE

Ón 7 Iúil 1981 ar aghaidh, tá roinnt mhaith rún glactha ag an bParlaimint maidir lena suíomh, rúin ina n-iarrtar ar rialtais na mBallstát go gcomhlíonfaidís an oibleagáid atá orthu suíomh aonair do na hinstitiúidí a bhunú. Ós rud é gur theip orthu déanamh amhlaidh ar feadh tamall fada, rinne an Pharlaimint sraith cinntí maidir lena heagar agus a suíomhanna oibre (i.e. Lucsamburg, Strasbourg agus an Bhruiséil). Ag an gComhairle Eorpach i nDún Éideann an 11 agus an 12 Nollaig 1992, tháinig rialtais na mBallstát ar chomhaontú maidir le suíomhanna na n-institiúidí, agus comhaontaíodh an méid seo a leanas:

[11]https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/communication-institutional-options-for-making-the-european-union-work-more-efficient_ga.pdf

— Ba cheart go mbeadh suíomh Pharlaimint na hEorpa in Strasbourg, agus is ansin ba cheart go ndéanfaí an 12 pháirtseisiún mhíosúla, lena n-áirítear an seisiún ag a ndéantar an cinneadh maidir le buiséad bliantúil an Aontais, a thionól;

— Ba cheart páirtseisiúin bhreise a thionól sa Bhruiséil;

— Ba cheart do na coistí parlaiminteacha teacht le chéile sa Bhruiséil;

— Ba cheart d'Ardrúnaíocht na Parlaiminte agus dá cuid ranna cúltaca fanacht i Lucsamburg.

Cháin an Pharlaimint an cinneadh sin. Dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh(breithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 1997 — C-345/95), áfach, go ndéanfaí suíomh na Parlaiminte a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 341 CFAE. Bhí substaint an chinnidh ina cuid de Chonradh Amstardam i bprótacal atá i gceangal leis na Conarthaí.

Cé gurb oth leis an bParlaimint na cinntí seo, tá sí faoi oibleagáid a féilire bliantúil a tharraingt suas dá réir sin ar thogra ó Chomhdháil na nUachtarán. Go ginearálta, in imeacht na bliana, tionólann an Pharlaimint 12 pháirtseisiún de cheithre lá in Strasbourg agus sé pháirtseisiún de dhá lá sa Bhruiséil. Chuir Feisirí Pharlaimint na hEorpa tús le roinnt mhaith tionscnamh chun cruinnithe in Strasbourg a sheachaint. In 2012, mar shampla, glacadh féilire ina raibh dhá pháirtseisiún de dhá lá le linn na seachtaine féilire céanna i mí Dheireadh Fómhair in Strasbourg, rud a rinne tréimhse fhoriomlán cruinnithe in Strasbourg a laghdú ceithre lá. Tar éis gearáin ón bhFrainc, áfach, rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil gá le dhá pháirtseisiún iomlána (Cás C-237/11) chun go gcomhlíonfaí na cinntí a glacadh.

De bhun Airteagal 229 CFAE, féadfaidh an Pharlaimint páirtseisiúin urghnácha a thionól, arna iarraidh sin ag tromlach na gcomhaltaí a chomhdhéanann í nó arna iarraidh ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún. An 18 Nollaig 2006, thionóil an Pharlaimint, den chéad uair, seisiún iomlánach breise sa Bhruiséil díreach tar éis Chomhairle Eorpach an 14 agus an 15 Nollaig 2006. Ó shin i leith, tá an cleachtas sin maidir le seisiún iomlánach a thionól díreach tar éis chruinnithe na Comhairle Eorpaí ina dhlúthchuid de chlár oibre na Parlaiminte.

COMHDHÉANAMH NA PARLAIMINTE DE RÉIR GRÚPA AGUS BALLSTÁIT.

Tá tábla ina dtugtar forléargas ar na grúpaí polaitiúla agus a gcomhdhéanamh ar fáil faoin nasc seo a leanas: http://www.europarl.europa.eu/meps/ga/crosstable.html

Eeva Pavy
02/2020